Bus Átha Cliath



# 2014

## Tuarascáil Bhliantúil

# Buaicphointí Airgeadais agus Oibríochtúla 2014

**Barrachas do 2014**
€11.6m

**Paisinéirí in 2014**
119 milliún

**Fás Ioncaim in 2014**
€12m

**Busanna Nua in 2014**
70

**Scáileáin Taispeána Sráide RTPI**
467

**Líon na mBusanna in 2014**
960

**Líon na gciliméadar taistealta in 2014**
57 milliún

**An líon Fostaithe in 2014**
3,176

**Flít Urlár Ísil Inrochtana**
100%

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Athbhreithniú na nOibríochtaí | 4 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 14 |
| Tuairisc na Stiúrthóirí | 15 |
| Bord Stiúrthóirí | 19 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 21 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 22 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 24 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 26 |
| Clár Comhardaithe | 27 |
| Ráiteas Sreabhaidh Airgid | 28 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 29 |



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Transport for Ireland

*Is mian le Bus Átha Cliath an maoiniú a fuair sé do mhórthionscadail ón Údarás Náisiúnta Iompair a admháil.*


ALL YOU WANT FOR €10

# Ráiteas an Chathaoirligh

## Athbhreithniú 2014

Bliain dhearfach do Bus Átha Cliath ba ea 2014. Tugadh méadú leanúnach faoi deara sa líon paisinéirí i rith na bliana rud a chiallaigh go raibh 119 milliún paisinéir ag an gcuideachta i rith na bliana, méadú sa bhreis ar 4 milliún i gcomparáid le 2013.

Cúis dóchais é go bhfuil barrachas airgeadais á thuairisciú ag Bus Átha Cliath arís i mbliana. Ciallaíonn an meascán seo de bhearta laghdaithe costais, seirbhís feabhsaithe agus fás ioncaim go bhfuil an chuideachta ag dul i dtreo cobhsaíocht airgeadais inbhuanaithe a chinntiú. Ba í an treocht dhearfach seo ar an líon paisinéirí ba chúis le cinneadh Bus Átha Cliath an chéad feachtas earcaíochta le seacht mbliana anuas a reáchtáil; fostaíodh 160 tiománaí nua anuraidh d'fhonn freastal ar an éileamh agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán á soláthar do chustaiméirí.

Lean an chuideachta ag cur lena tiomantas seirbhísí a fheabhsú do chustaiméirí trí roinnt forbairtí éagsúla a rinneadh i rith na bliana. I measc na bhforbairtí seo bhí cur leis an líon comharthaí Eolais Fhíor-Ama do Phaisinéirí ag stadanna bus éagsúla, na fógraí fuaime maidir leis an gcéad stad eile a chur i bhfeidhm, Wi-Fi saor in aisce ar gach bus agus áiseanna breise a chiallaíonn go bhfuil luach ar airgead á fháil ag custaiméirí tríd an gCárta Leap. Baineadh úsáid as Cártaí Leap sa bhreis ar 30 milliún uair ar sheirbhísí in 2014.

Forbairt dhearfach eile don chuideachta ba ea gur bhronn an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) an Conradh Seirbhíse Poiblí don tréimhse idir 2014 agus 2019 uirthi.

Tréaslaím leis na fostaithe ar fad agus lenár bpáirtithe leasmhara ar fad as an dea-obair atá déanta acu chun na torthaí dearfacha seo a chinntiú. Is mian liom go háirithe aird a tharraingt ar chomh maith is a d'éirigh leis an Iar-Chathaoirleach, an tUasal Kevin Bonner, an gnó a stiúradh i rith thréimhse éiginnte gheilleagrach.

Is gréasán fíorthábhachtach iompair é Bus Átha Cliath do phobal Bhaile Átha Cliath agus tá ról lárnach aige i bhfás sa gheilleagar agus i gcruthú post a éascú. De réir mar a bheidh an geilleagar ag fás, beidh an líon paisinéirí ag fás freisin. Tá tús áite á thabhairt againn do fhreastal ar éileamh custaiméirí agus seirbhís oiriúnach a chur ar fáil don chathair nuair a bhíonn an tseirbhís sin ag teastáil. Tá ról lárnach ag infheistíocht bhliantúil chaipitil i seirbhís bus inbhuanaithe a sholáthar do phobal Bhaile Átha Cliath. Is ionann an obair atá déanta le blianta beaga anuas chun gréasán níos simplí agus níos fearr a chruthú agus chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, agus bonn maith chun ár seirbhísí a fheabhsú, freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus custaiméirí nua a mhealladh.

Ó 2012 anonn, tá 160 bus nua curtha leis an bhflít. Chabhraigh sé seo freisin le meánaois an fhlít a laghdú go 7.5 bliana. Is é an sprioc atá againn 90 bus nua a fháil in aghaidh na bliana chun meánaois an fhlít a laghdú go 6 bliana. Baineann fíorthábhacht le hinfheistíocht rialta sa fhlít d'fhonn a chinntiú go mbeidh an tseirbhís atá á soláthar iontaofa, nua-aimseartha agus cost-éifeachtúil. Tá dualgas orainn freisin cabhrú chun na deacrachtaí a bhaineann le plódú tráchta a chosc. Deacracht amháin a tugadh faoi deara sa chathair anuraidh mar gheall ar feabhas a bheith ag teacht ar an ngeilleagar an athuair é plódú tráchta. Tacaím go hiomlán le tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo iontaofacht a fheabhsú trí thús áite a thabhairt do bhusanna ag soilse tráchta agus Lána Gasta a bheith in úsáid mar shampla. Beidh an córas bus feabhsaithe seo mar bhonn le seirbhísí gasta a sholáthar mar aon le cumas freastal ar líon níos mó paisinéirí.

Tá dúshláin shuntasacha fós le sárú agus leanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach agus an Bord le béim a leagan ar bhainistíocht chúramach agus stuama na n-acmhainní teoranta airgeadais a bheidh ar fáil ag an gcuideachta. I measc na réimsí a ndíreofar orthu tá aois an fhlít; nádúr agus méid an fhóirdheontais; leanúint le luach ar airgead a sholáthar do chustaiméirí agus luach ar airgead a fháil ónár soláthraithe.

**Ultan Courtney**

# Athbhreithniú na nOibríochtaí

## Forbhreathnú

D'éirigh go breá le Bus Átha Cliath in 2014 agus fianaise ar an méid sin roinnt forbairtí dearfacha a rinneadh i rith na bliana. Lean Bus Átha Cliath le flít urlár ísil inrochtana a oibriú, ceann de bheagán cuideachtaí bus san Eoraip a bhfuil a leithéid de sheirbhís á tairiscint acu. Bhí an-tóir ar Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) agus cinntíodh go raibh an tseirbhís níos mealltaí fós do chustaiméirí nuair a cuireadh aonaid bhreise RTPI ar fáil ar fud na cathrach. Ní hamháin gur chinntigh sealbhú 70 bus nua go mbeidh Bus Átha Cliath in ann leanúint le seirbhís urlár ísil inrochtana a sholáthar, chinntigh sé freisin go bhféadfaí córas fuaime maidir leis an gcéad stad eile a shuiteáil ar an bhflít ar fad mar aon le córas comharthaíochta ar bord maidir leis an gcéad stad eile a sholáthar. Tugadh méadú faoi deara sa tóir a bhí ar an gCárta Leap - cláraíodh breis is 900,000 cárta ó cuireadh tús leis an scéim in 2011. I rith 2014, lean Bus Átha Cliath lena misean seirbhís phoiblí éifeachtach mar aon le heispéireas feabhsaithe do chustaiméirí a sholáthar.

## Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais 2014

In 2014 thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas de €11.6 milliún. I gcomparáid le barrachas de €0.5 milliún in 2013.

I measc na ngnéithe is suntasaí de na torthaí airgeadais tá fás ioncaim de €11.9 milliún agus tuilleadh laghdaithe costais eile fós ar fiú €4.3 milliún iad. Trí mheascán d'fhás ioncaim agus bearta diana párolla agus laghdaithe forchostais, tugadh méadú faoi deara sa bhrabús a rinne an chuideachta in 2014. Baineann fíorthábhacht leis na bearta seo i gcomhthéacs cobhsaíocht airgeadais inbhuanaithe a bhaint amach sna blianta amach romhainn.

Mhéadaigh an t-ioncam iomlán €11.9 milliún (5.8%) ó €204.1 milliún go dtí €216 milliún. Chuir ardú táillí a cuireadh i bhfeidhm le linn na tréimhse ó Nollaig 2013/Eanáir 2014 leis an bhfás in ioncam. Cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) ardú foriomlán meánach 5% i dtáillí, agus méadaíodh an lascaine ar úsáid an Charta Leap go 20%.

Aontaíodh clár laghdaithe costais, an tríú ceann thar tréimhse cúig bliana, leis an bhfoireann oibre i Samhain 2013. Áirítear sa chomhaontú seo raon leathan beart laghdaithe costais lena n-áirítear athruithe suntasacha ar chleachtais oibre agus laghduithe ar ardrátaí párolla. Áirítear sa chomhaontú seo soláthar do dháta éaga do roinnt de na bearta in 2015.

D'eascair coigilteas breise de €4.3 milliún as bearta laghdaithe costais i rith 2014. I measc na mbeart seo bhí: laghduithe ar chostais phárolla ag eascairt as tús a bheith curtha leis an gclár laghdaithe costais i lár mhí na Samhna 2013 agus na hathruithe seo a bheith le sonrú ar feadh bliain iomlán. Bhí na laghduithe ar chostais phárolla a tugadh faoi deara i rith na bliana cothrom le €6.3 milliún, costais a bhí fritháirithe ag costais aonuaire neamh-phárolla arbh fhiú €2 milliún iad. Thosaigh ceathrar chomhalta foirne nua ag obair leis an gcuideachta i rith na bliana, rud a chiallaigh go raibh an meánlíon foirne cothrom le 3,176 in 2014.

D'eascair tuilleadh coigilteas costais fós ar fiú €64m iad as na coigiltis a d'eascair as na cláir laghdaithe costais i dteannta le cuíchóiriú agus sochair éifeachtúlachta thionscadal an Ghréasáin Dhírigh agus dianrialú leanúnach na bhforchostais, ar bhonn bliantúil ó 2008 anonn.

In 2014 fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) arbh fhiú €60 milliún iad; laghdú €4.5 milliún i gcomparáid le 2013. Dheimhnigh NTA go bhfuil an íocaíocht OSP do 2015 cothrom le €60.1 milliún.

Is rud fíorthábhachtach é brabúsacht leantach i ndiaidh fhóirdheontais a choinneáil ar siúl, chun na spriocanna criticiúla a leanas a bhaint amach: seasmhacht airgeadais do Bhus Átha Cliath, airgead tirim a ghiniúint le haghaidh infheistíochta riachtanach, slándáil i leith seirbhísí iompair a sholáthar agus inbhuanaitheacht fostaíochta a chosaint.

Beidh ar Bus Átha Cliath déileáil le cuid de na méaduithe costais a bheidh le tabhairt faoi deara in 2015. Eascraíonn na costais seo den chuid is mó as aisiompú cuid de na bearta laghdaithe costais i lár 2015, an costas a bhaineann le seirbhísí breise a reáchtáil agus raon méaduithe costais neamh-phárolla eile, méaduithe arbh fhiú €10.8 milliún iad. Chomh maith leis sin, beidh tionchar níos suntasaí ag Oibreacha Luas Traschathrach ar ioncam Bus Átha Cliath in 2015.

Ainneoin na méaduithe seo ar chostais, tá sé beartaithe ag an gcuideachta leanúint ag dul ó neart go neart trí bhearta cosúil le; fás ioncaim a spreagadh tríd an líon bus agus praghas, méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus roinnt laghduithe breise ar chostais tacaíochta.



Tá deiseanna chun fáis curtha ar fáil mar gheall ar an athbhreithniú ar an líonra seirbhísí agus an feabhsú in iontaofacht atá curtha ar fáil ag Network Direct, tabhairt isteach Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI), an Scéim Ticéadú Comhtháite (ITS), agus an laghdú leanúnach sa leibhéal dífhostaithe. Bainfear feidhm as na deiseanna seo trí mhéadú ar ghníomhaíocht i margadh na gcroíbhealaí, agus díriú ar leith ar fheachtais seachbhuaice agus deireadh seachtaine mar aon le feabhsú ar na hacmhainní cosanta ioncaim.

## Líonra

I ndiaidh thionscadal an Ghréasáin Dhírigh a chur i gcrích rinneadh roinnt feabhsuithe ar an tseirbhís:

- Tá Bealach 44 anois ag dul chomh fada le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus feabhsaíodh an t-amchlár atá luaite le roinnt seirbhísí eile;
- Feabhsaíodh an tseirbhís bus ar lánaí gnóthacha bus a thaistealaíonn trí Stigh Lorgan, Leamhcán, Bóthar Mhullach Íde, Baile Munna agus Fionnghlas;
- Bhí sceidil Samhraidh á réachtáil ag Bus Átha Cliath ar roinnt bealaí, ar feadh tréimhse 10 seachtaine, ó Mheitheamh ar aghaidh i rith 2014;
- Reáchtáladh amchláir chostéifeachtacha Shathairn ceithre lá i rith na seachtaine thar thréimhse na Nollag.


## Conradh Seirbhíse Poiblí

Faoin gConradh Seirbhíse Poiblí (2009-2014), cuireadh sceideal de cháipéisí feidhmíochta ar fáil don NTA gach ráithe. Cuireadh torthaí gach sceideal i láthair, míníodh agus pléadh iad ag cruinnithe athbhreithnithe ráithiúla idir NTA agus Bus Átha Cliath.

I mí na Nollag 2014, síníodh conradh nua bronnta dhírigh idir NTA agus Bus Átha Cliath don tréimhse idir 2014 agus 2019. Is ionann an conradh seo agus deimhniú foirmiúil ar bhainistíocht Bus Átha Cliath ar 100% de na bealaí reatha idir 2014 agus 2016 agus 90% de bhealaí idir 2016 agus 2019. D'eascair an difríocht de 10% as bealaí bus áitiúla agus cuarlánaí bus a bhfuil sé beartaithe ag NTA iad a chur amach ar tairiscint in 2016. Is ionann an Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC) nua agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do Bus Átha Cliath ar feadh 5 bliana, agus sonraítear sa chonradh go bhféadfaí Conradh eile Direct Award a bhronnadh ó 2019 ar aghaidh.

Tá an Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC) nua i bhfad níos mionsonraithe agus níos soiléire ná an conradh a chuaigh in éag i mí na Nollag 2014. Seo a leanas na príomhathruithe:

- Caighdeáin feidhmíochta níos éilithí i ndáil le hiontaofacht, poncúlacht agus caighdeán;
- Breis pionós airgeadais i ndáil le feidhmíocht nach bhfuil spriocanna á comhlíonadh mar thoradh uirthi;
- Breis riachtanas tuairiscithe chun cuntasacht agus trédhearcacht a fheabhsú.



Tá Bus Átha Cliath meáite, trí bhéim a leagan ar spriocanna nua agus ar riachtanais feidhmíochta, go n-éireoidh leis a oibleagáidí faoin PSC nua, idir 2014 agus 2019, a chomhlíonadh. Bainfidh custaiméirí tairbhe as caighdeáin feabhsaithe seirbhíse.

## Cárta Leap

Over 900,000 Leap cards have been issued since the Tá breis is 900,000 cárta Leap eisithe ó cuireadh tús le scéim an chórais chomhtháite ticéadaithe iompair in 2011, agus eisíodh breis is 350,000 cárta gach mí i dtreo dheireadh 2014. Rinneadh mórfhorbairtí ar an gcárta Leap i rith na bliana rud ba chúis le méadú a bheith le tabhairt faoi deara in úsáid agus éifeachtacht an chárta i measc chustaiméirí Bus Átha Cliath.

Cuireadh tús le ticéid pháipéir réamhíoctha Bus Átha Cliath a aistriú chuig cárta Leap in 2014 nuair a bunaíodh an raon táirgí 'Rambler'. Faoi mhí na Nollag 2014, bhí na ticéid mhaighnéadacha dheireanacha tógtha den mhargadh agus baineadh bailíochtóirí na gcártaí maighnéadacha ó na busanna.

Tá méadú leanúnach ag teacht ar an tóir atá ar an áis uathoibríoch chun an r-sparán ar chártaí Leap a bhreisiú, áis a thugann deis do chustaiméirí a gcártaí féin a bhreisiú ar an mbus, rud a chiallaíonn nach mbeidh siad gan chreidmheas riamh. Nuair a úsáidtear an áis seo asbhaintear an tsuim breisithe go díreach ó chuntas bainc an chustaiméara.

I measc na bhforbairtí eile a rinneadh in 2014 tá lacáiste aistrithe (a chiallaíonn go mbíonn lacáiste le fáil nuair a úsáidtear r-sparán Chárta Leap do thuras acomhail laistigh de 90 nóiméad) ar chárta Leap, lacáiste atá ar fáil ar sheirbhís Bus Átha Cliath ó mhí na Samhna 2014; tá sé beartaithe go mbeidh na hoibreoirí iompair atá fágtha páirteach sa scéim go luath in 2015, nuair a bheidh lacáistí aistrithe ar fáil ar gach turas acomhail.

Tá pasanna Saorthaistil á n-eisiúint ag an Roinn Coimirce Sóisialaí anois ar chárta atá comhoiriúnach le Cárta Leap. Ó lár 2015 ar aghaidh, déanfar Pasanna Saorthaistil a bhailíochtú ar bord sheirbhísí bus Bus Átha Cliath mar a dhéantar le gnáth-Chárta Leap.

Bhí Cárta Leap in úsáid ag breis is 50% de phaisinéirí Bus Átha Cliath faoi mhí na Nollag 2014, céatadán arb ionann é agus méadú ó níos lú ná 20% ag tús na bliana. Bíonn deis ag custaiméirí a úsáideann Cárta Leap níos mó airgid a shábháil i gcomparáid le táillí bus a íoc le hairgid tirim; bíonn na táillí 20% níos saoire, ar a laghad, nuair a úsáidtear creidmheas Leap seachas airgead tirim.

## Custaiméirí Nua a Mhealladh

Seoladh 'Network Noel', feachtas feasachta bealaí agus gréasáin, i mí Feabhra 2014. Ba é a bhí mar aidhm leis an bhfeachtas dearcadh an phobail - gur 'gréasán casta' é

gréasán bealaí Bus Átha Cliath - a athrú. Tháinig sé chun solais i dtaighde margaidh a rinneadh gurb é an dearcadh sin ba chúis le drogall a bheith ar go leor daoine seirbhísí Bus Átha Cliath a úsáid. Deis ba ea 'Network Noel' do Bus Átha Cliath eolas a chur in iúl do chustaiméirí ar bhealach intuigthe, gan a bheith ródháiríre. Ba é a bhí mar aidhm leis an bhfeachtas na buntáistí a bhaineann le gréasán athbhreithnithe Bus Átha Cliath a chur in iúl do chustaiméirí ar bhealach éifeachtach agus níos mó custaiméirí a mhealladh.

Rinneadh neart poiblíochta ar an bhfeachtas sna meáin agus bhí dlús faoin idirghníomhaíocht leis an bpobal trí na meáin shóisialta. Chuir an rannpháirtíocht ar líne go mór leis an bhfeachtas agus forbraíodh micrealáithreán 'Noel's Depot' laistigh de láithreán gréasáin Bus Átha Cliath ar a raibh físeán eolais ó Noel, fógraí teilifíse agus eolas maidir le seirbhísí lena n-áirítear léarscáil idirghníomhach agus in-íoslódáilte de na príomhbhealaí. Bhí tacaíocht ar líne le fáil ag an bhfeachtas ó chuntais Twitter agus Instagram. Deis ba ea an comórtas ar líne, Network Noel's 'Hot Stops', do chustaiméirí scéal, íomhá nó físeán de scéalta maidir le busanna a thaitin leo a uaslódáil ar an léarscáil bealaí ar a raibh 28 príomhbhealach Bus Átha Cliath le feiceáil, comórtas arb é fón cliste an phríomhdhuais a bhí luaite leis. Deis ba ea an tionscnamh seo do chustaiméirí iniúchadh a dhéanamh agus nasc a chruthú in athuair lenár bpríomhghréasán ar bhealach spraíúil agus idirghníomhach, mar aon le dlús a chur faoin líon uaslódálacha den léarscáil de na príomhbhealaí.

Bronnadh ceithre dhuais ar fheachtas 'Network Noel' ag Gradaim Shark Chionn tSáile, na gradaim fógraíochta idirnáisiúnta is mó le rá a reáchtáiltear in Éirinn, agus chomh maith leis sin, bronnadh 3 dhuais ar an bhfeachtas ag 'Love Radio Awards'.

I bhfianaise chomh maith is a d'éirigh le feachtas 'Network Noel', forbraíodh gné dar teideal 'Bus it to Events' ar láithreán gréasáin Bus Átha Cliath. Ba é an aidhm a bhí leis an tionscnamh gréasáin seo úsáideoirí ócáideacha bus a spreagadh chun taisteal ar an mbus nuair a bhíonn siad ag dul ag imeachtaí nó ar laethanta teaghlaigh. Tugtar deis d'úsáideoirí rogha a dhéanamh ó liosta ionad agus imeachtaí, agus nuair a chliceáiltear orthu taispeánfar na sonraí cuí ar fad maidir le conas taisteal chuig an áit agus soláthrófar léarscáil idirghníomhach áisiúil don úsáideoir.

Chuir Bus Átha Cliath leis an rath a bhí ar fheidhmiú Wi-Fi in 2013 trí fhlít iomlán a sholáthar a bhfuil Wi-Fi ar fáil air ó Aibreán 2014. Seoladh feachtas i mí Meithimh, i gcomhar le feachtas 'Network Noel', chun aird a tharraingt ar infhaighteacht Wi-Fi ar bhusanna uile sheirbhísí Bus Átha Cliath. D'éirigh go breá leis an bhfeachtas.

## Feabhas ar Sheirbhísí do Chustaiméirí

Is cuid lárnach d'oibríochtaí laethúla mar aon le príomhuirlis bainistíochta i ndáil le seirbhísí agus tuairisciú a rialú é an córas Uathoibríoch Suímh agus Rialaithe Feithicle (AVLC). Is iad na príomhbhuntáistí do chustaiméirí ná iontaofacht seirbhíse feabhsaithe, Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) a sholáthar ag stadanna bus, seirbhísí bus ar bord, ar líne agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha.

Le bliain anuas tá an líon comharthaí RTPI ag stadanna bus méadaithe ó 435 go 467 agus tá sé beartaithe ag Bus Átha Cliath 190 aonad taispeána breise a sholáthar i rith 2015. Is bealach iad na háiseanna seo le hamanna sroichte busanna a sholáthar agus teachtaireachtaí maidir le briseadh seirbhíse a sholáthar.

I rith 2014, cuireadh clár chun fógraí fuaime maidir leis an gcéad stad eile a shuiteáil ar an bhflít ar fad i gcrích. Ar aon dul leis an gcóras fógartha fuaime; tá córais taispeána leictreonacha, chun stadanna a fhógairt agus eolas maidir le bealaí a sholáthar, feistithe mar threalamh caighdeánach ar gach bus nua anois agus tá siad á n-aisfheistiú ar roinnt busanna níos sine freisin. Ag deireadh 2014, bhí córais taispeána leictreonacha suiteáilte ar 230 bus ar fad, aisfheistiú trealamh bunaidh ar 70 bus san áireamh. Tá sé beartaithe na córais taispeána ar 260 bus breise níos sine a aisfheistiú freisin. I rith 2014, cuireadh tús leis an gcóras AVL ar na busanna a úsáid chun teachtaireachtaí sábháilteachta a fhógairt.

Tá feabhas eile fós ar RTPI beartaithe do 2015, is é sin go mbeadh eolas maidir le briseadh seirbhíse ag stadanna ar leith le fáil ar an láithreán gréasáin agus ar fheidhmchláir fón cliste, eolas a bheidh ar taispeáint taobh leis na hamanna sroichte a bhfuil súil leo.

Tá Wi-Fi ar fáil ar fhlít iomlán Bus Átha Cliath ó Aibreán 2014. Tá méadú ag teacht go leanúnach ar an tóir atá ar an áis Wi-Fi ar bord agus chláraigh thart ar 721,567 úsáideoir chun an áis seo a úsáid in 2014. Tugadh méadú faoi deara sa líon custaiméirí a bhí ag úsáid na háise mar aon le méadú ar an méid ama a raibh custaiméirí nasctha le Wi-Fi - 27 nóiméad ar an meán. Chiallaigh an Wi-Fi ar bord, atá éasca le húsáid, go bhfuil méadú tagtha ar an líon custaiméirí fillte, agus tá breis is 10 gcuairt fillte déanta ag 27.5% de na húsáideoirí ar fad.

## Tábhacht na Láithreach Oibre Sábháilte

Tá Bord Bus Átha Cliath agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, custaiméirí agus daoine a bhfuil tionchar ag ár ngníomhaíochtaí orthu, cosúil le húsáideoirí bóithre eile, cuairteoirí ar ár n-áitreabh agus conraitheoirí fostaithe ag an gcuideachta.

Sonraítear i gCáipéis Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na cuideachta creat mionsonraithe do bhainistiú rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hoibríochtaí Bus Átha Cliath agus déanann an Bord an cháipéis a athbhreithniú agus a fhaomhadh gach bliain. Is dlúthchuid iad na modhanna sonraithe sa Cháipéis Córas Bainistíochta Sábháilteachta de fhreagrachtaí na mbainisteoirí sinsearacha, na meánbhainisteoirí agus na maoirseoirí, atá freagrach as a chinntiú go dtuigeann fostaithe na riachtanais atá sonraithe sa cháipéis sin agus go bhfuil na riachtanais sin á gcomhlíonadh acu.

Ainneoin an riachtanas oiliúint agus treoir oiriúnach a sholáthar a bheith cumhdaithe i riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tuigeann Bus Átha Cliath an tábhacht a bhaineann leis na híosriachtanais a shárú trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar inniúlachtaí na bhfostaithe. Tá fianaise air seo le fáil i gclár oiliúna bliantúla na cuideachta, clár ina n-áirítear oiliúint neamhreachtúil mar aon le cruinnithe faisnéise rialta intí maidir le faisnéis ríthábhachtach sábháilteachta. I rith 2014, cuireadh lámhleabhair nua ‘Safety in Engineering’ agus ‘Vehicle Safety’ i dtoll a chéile agus cuirfear oiliúint ar na fostaithe ábhartha ar fad sna réimsí sonracha seo sa chéad ráithe de 2015.

Chomh maith leis sin, in 2014 cuireadh tús an athuair le tiománaithe a earcú in Bus Átha Cliath den chéad uair ó Lúnasa 2008. Cuireadh oiliúint ar 137 tiománaí in Ionad Oiliúna Tiománaithe Bus Átha Cliath i rith na bliana agus bhí tús curtha acu ar fad le tiomáint i seirbhís faoi dheireadh na bliana. Táthar ag súil go mbeidh líon mórán mar an gcéanna tiománaithe á n-earcú i rith 2015. Agus iarracht ar bun modheolaíochtaí oiliúna tiománaí a fheabhsú, cuireadh tús le nós imeachta cuimsitheach nua meantóireachta agus monatóireachta do thiománaithe nua. Áirítear sa nós imeachta seo measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar inniúlacht tiománaithe ar bhonn níos rialta i rith an chéad tréimhse promhaidh 12 mhí.

Sa bhreis air sin, i ndáil le hoiliúint tiománaithe, cúis áthais do Bus Átha Cliath glacadh le gradam ‘Ceannródaithe’ ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí na Nollag. Aitheantas ba ea an gradam seo ar chaighdeán an chúrsa ‘Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil’ atá á seachadadh ag an gCuideachta dá fostaithe ar tiománaithe iad.

## Forbairtí i Seirbhísí Tráchtála

Bliain thar a bheith gnóthach agus an-rathúil ba ea 2014 do sheirbhísí tráchtála Bus Átha Cliath. Tá fás leanúnach ag teacht ar an tseirbhís Airlink Express agus tá méadú 25% tagtha ar dhíolachán thicéid Airlink i gcomparáid le 2013, agus ceann de na cúiseanna leis an méadú seo ba ea Wi-Fi saor in aisce a bheith á sholáthar ar sheirbhís Airlink.

Chonacthas bliain rathúil ó na turais fámaireachta sa bhliain 2014, agus ioncam do chustaiméirí suas faoi 13% ar an mbliain roimhe si Tugadh méadú 6% ar fhigiúirí turasóireachta i mBaile Átha Cliath faoi deara i mbliana i gcomparáid le figiúirí 2013.

I rith mhíonna an tsamhraidh, soláthraíodh dhá bhus nua do thuras Ghostbus Bus Átha Cliath. Bhí an-spéis ag na meáin sa scéal seo agus chinntigh an t-aiseolas dearfach ag an am go raibh méadú ar ioncam le tabhairt faoi deara le bliain anuas, go háirithe i rith thréimhse na Samhna. I rith na bliana, cuireadh roinnt feabhsuithe i bhfeidhm ar thurais Chósta Bus Átha Cliath, feabhsuithe ba chúis le méadú 45% ar ioncam.

## Oscailt Margaidh

In 2014 thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) le fios go raibh sé beartaithe aige 10% de sheirbhísí reatha Bus Átha Cliath a chur amach ar tairiscint faoi 2016. Is cuarbhealaí agus bealaí áitiúla iad na bealaí atá le cur ar tairiscint, bealaí nach bhfuil ag freastal nó ag taisteal trí lár na cathrach.

Tá Bus Átha Cliath, Bus Éireann, na Ceardchumainn agus NTA/an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt (DTTAS) ag glacadh páirte i bplé comhpháirteach sa Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais ó mhí Iúil 2014, plé a bhfuil sé mar aidhm leis na himpleachtaí a bhainfeadh le hoscailt mhargaidh a phlé. Chinntigh an plé seo go bhfuil tuiscint níos fearr againn ar na saincheisteanna a thagann chun cinn agus ar na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar bhonn leanúnach.



In Eanáir 2015, d'fhoilsigh NTA Ceistneoir Réamhcháilíochta chun cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh sa phróiseas tairisceana.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheirbhís éifeachtach agus ar ardchaighdeán a sholáthar dá chustaiméirí agus beidh tairiscintí do bhusbhealaí laistigh de dhobharcheantar Bhaile Átha Cliath á ndéanamh aige.

## Beartas Taisteal níos Cliste – Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

In 2014 bhí Bus Átha Cliath freagrach as flít 960 Bus, a chlúdaigh 57 milliún ciliméadar. An t-ídiú breosla a bhaineann leis an bhflít busanna is ea an phríomhthomhailt fuinnimh. In 2014 úsáideadh 27.5 milliún lítear de bhreosla díosail. Áirítear i measc na bpríomhfhoinsí fuinnimh eile seacht stáisiún Bus Átha Cliath agus roinnt foirgneamh oifigí. San áireamh san úsáid fuinnimh tá breosla in úsáid ag an bhflít (95.3% den ídiú), leictreachas in úsáid ag áitreabh Bus Átha Cliath (1.8% den ídiú) agus ídiú gáis ag na háitreabh (2.9% den ídiú). Baineann suas le 70% den úsáid leictreachais i stáisiúin na cuideachta le soilse sna foirgnimh agus leis na limistéir taobh amuigh. Baineann ídiú an gháis go príomha le téamh na n-áitreabh. Is iad an soilsiú, trealamh oifige agus aonaid aerchóireála a fhreagraíonn do mhóramh ídiú an fhuinnimh sna hoifigí.

D'ídigh Bus Átha Cliath 293,714 MWh den fhuinneamh sa bhliain 2014, lenar bhain:

- 279,911 MWh de Bhreosla Díosail do rith an fhlít bus;
- 5,240 MWh de leictreachas;
- 8,563 MWh de ghás nádúrtha.

### Gníomhartha Déanta in 2014

In 2014 thug Bus Átha Cliath faoi raon tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Triail bus hibrideach;
  - Ba é a bhí mar thoradh le triail an bhus hibridigh feabhas de 15% nó níos fearr ar éifeachtúlacht breosla i gcomparáid leis na busanna Euro 5 & 6 is déanaí a ceannaíodh sa tréimhse 2-3 bliain roimhe sin.
- Braiteoirí PIR a shuiteáil i gceardlanna;
  - Ba é a bhí mar thoradh leis seo coigilteas 0.3 KWhr i ngach ceardlann.
- Síneadh a chur le monatóireacht ar bhreosla flít de réir an bhealaigh;
  - Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar éici-thiomáint i ngach stáisiún.
- Feithiclí nua a cheannach a bheidh feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6 – innill níos lú agus níos éifeachtaí a bhfuil fonnadh níos éadroime iontu, rud a bhíonn mar bhonn le laghdú ar ídiú breosla;
  - Tá an flít nua busanna a bhfuil innill Euro 6 ann 20% níos éifeachtaí ná na busanna a bhí ann.
- Aird na foirne a tharraingt ar chúrsaí fuinnimh;
- Oiliúint Vigil Vanguard do thiománaithe – teicnící éici-thiomána;
- Leanúint le monatóireacht ar fhuinneamh sna foirgnimh ar fad;
- Sábháil uisce báistí le húsáid chun fonnadh busanna a ghlanadh i stáisiúin;
- Leanúint le hoiliúint éici-thiomána do thiománaithe.

### Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2015

In 2015, tá sé beartaithe ag Bus Átha Cliath feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Trialacha éici-thiomána an fhlít agus úsáid á baint as teicneolaíocht ar bord;
- Caidéil uisce a mbeidh mótair éilimh ghníomhachtaithe brú iontu a shuiteáil;
- 90 feithicil nua a cheannach a bhfuil innill chaighdeánacha Euro 6 iontu. Úsáidfear na feithiclí nua in ionad na bhfeithiclí níos sine nach bhfuil chomh héifeachtach céanna;
- Córas uathoibrithe bainistíochta breosla a shuiteáil i ngach stáisiún;
- Triail a bhaint as soilsiú LED in oifigí agus i gceardlanna.

Leanfaidh Bus Átha Cliath le haird a tharraingt ar dheiseanna eile fós chun fuinneamh a choigilt trí fhoirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

## Clár Athchurtha Flít

In 2014, cheannaigh Bus Átha Cliath 70 bus nua dhá urlár a bhfuil fonnadh Volvo B5 iontu agus cabhalra Wrightbus. Tá na hinnill Euro 6 Volvo 5 lítear is déanaí feistithe ar na feithiclí seo a bhfuil trealamh dí-ocsaídiúcháin roghnaithigh chatalaíoch agus athchúrsáil sceite orthu freisin mar aon le



scagairí cáithníní díosail. Beidh an teicneolaíocht nua seo mar bhonn le feabhas suntasach ar astúcháin NOx agus cháithníneacha. Is é Wrightbus Gemini 2 an cabhalra atá ar na feithiclí agus tá an chomhfheithicil níos éadroime agus níos breosla-éifeachtúla ná na múnlaí a bhí ann roimhe seo a bheidh mar bhonn le hastúcháin CO2 a laghdú freisin. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe eile fós feistithe ar na busanna nua a bheidh mar bhonn le heispéireas agus sástacht an chustaiméara a fheabhsú. Ina measc seo, áiritear spás ar leith do chathaoireacha rotha agus bugaithe, eolas do phaisinéirí faoin gcéad stad eile agus acmhainn Wi-Fi. Chomh maith leis sin, tá doirse i lár na bhfeithiclí a éascóidh dul isteach ar na feithiclí agus a laghdóidh amanna stoptha ag stadanna.

Mhaoinigh NTA 65 den 70 feithicil athsholáthair agus ba é Bus Átha Cliath a mhaoinigh an 5 fheithicil eile.

## Clár Athchóirithe Flít

In 2011 chuir Bus Átha Cliath tús le sraith d'uasghrádaithe seirbhíse ar fheithiclí reatha agus leanadh leis an gclár seo i rith 2012 agus 2013. In 2014 tháinig 100 feithicil a ceannaíodh in 2006 faoi scáth chlár athchóirithe an fhlít. Rinneadh obair uasghrádaithe ar chabhalra, gnéithe meicniúla agus leictreacha de na feithiclí.

Bíonn sábháilteacht, iontaofacht agus láithreachas feabhsaithe, rud is cúis le leibhéal feabhsaithe sástachta i measc custaiméirí, mar thoradh ar an gclár athchóirithe.

## Inrochtaineacht Ghréasáin – Seirbhís Bus do Chách

In 2014, chuir Bus Átha Cliath leis an rath a bhí ar fhorbairt inrochtaineachta in 2013 trí fhlít urlár ísil inrochtana a sholáthar. Tá fonnadh urlár ísil, córas crochta glúine agus rampa inghiorraithe ar an bhflít ar fad. Gné bhreise é spás ar leith do bhugaí a bheith ar gach bus nua a cheannaigh Bus Átha Cliath in 2014. Tá córas fógartha fuaime maidir leis an gcéad stad eile ar gach bus agus tá eolas do phaisinéirí ar taispeáint ar bhreis is 300 bus ar an dá urlár de na busanna dhá urlár, rud a chiallaíonn go bhfuil eolas maidir leis na chéad stadanna eile ar taispeáint freisin.

Leanadh an Scéim Cúnaimh Taistil ag dul ó neart go neart in 2014 agus tugadh cúnamh agus comhairle phraiticiúil do neart custaiméirí maidir le conas taisteal go neamhspleách ar iompar poiblí. Dréachtaítear plean taistil le cúnamh ó Chúntóir Taistil lánaimseartha chun éilimh gach custaiméir faoi seach a shásamh. Ó cuireadh tús leis an scéim, tá méadú leanúnach ar leibhéil phátrúnachta tugtha faoi deara agus tugadh cabhair do bhreis is 700 custaiméir in 2014.

I ndiaidh tús a chur le hoibreacha thionscadal Luas Traschathrach, tá méadú tagtha ar an éileamh atá ar an tseirbhís agus tá Bus Átha Cliath ag iarraidh teacht ar bhealaí chun an tseirbhís seo a fhorbairt chun freastal ar an éileamh sin.

Is féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar a thuilleadh eolais faoin gCúnamh Taistil ach teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Inrochtaineachta Bhus Átha Cliath ar (01) 7033204 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig travelassist@dublinbus.ie.


Dublin

## An Luas Traschathrach

Leanadh le tionscadal LUAS Traschathrach (LCC) in 2014 nuair a cuireadh tús le hoibreacha ar chodanna éagsúla de shráideanna idir Faiche Stiabhna Thuaidh agus Bealach an Iarthair. Ba iad na hathruithe ar Shráid Dhásain ba mhó a chuaigh i bhfeidhm ar Bus Átha Cliath, nuair a athlonnaíodh dhá stad bus go Faiche Stiabhna rud ba chúis le roinnt busbhealaí a chur ar mhalairt slí. Faoi dheireadh 2014, bhainistigh Bus Átha Cliath bogadh roinnt stadanna bus ó cheantair a raibh oibreacha suntasacha ar bun iontu, Faiche an Choláiste mar shampla. Rinneadh neart obair phleanála agus ullmhúcháin in 2014 mar fhreagairt ar na hoibreacha a bhí beartaithe a dhéanamh in 2015, oibreacha a mbeidh tionchar suntasach acu ar bhealaí agus ar stadanna bus Bus Átha Cliath. Go dtí seo bhí Bus Átha Cliath ag obair i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus na Gardaí áitiúla maidir le forfheidhmiú beartaithe LCC an tionscadail. Ainneoin roinnt stadanna a bheith tógtha ó lár na cathrach go deo, is den tábhacht é anois nach ndéanfar aon laghdú eile ar inrochtaineacht custaiméirí bus ar lár na cathrach.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach – Ár gCuid Oibre sa Phobal

Trína Thionscnamh Spiorad Pobail, lean Bus Átha Cliath le ról gníomhach a bheith aige sna pobail a bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil aige iontu. Baineann trí phríomhghné leis an tionscnamh foriomlán, mar atá:

1. Gradaim Spiorad Pobail Bus Átha Cliath
2. Comórtas Ealaíne Bus Átha Cliath do Leanaí
3. Bus Átha Cliath/Comórtas Cic Pionóis Niall Quinn

I mbliana faoi scáth Ghradaim Spiorad Pobail Bus Átha Cliath bronnadh 86 deontas ar ghrúpaí éagsúla deonacha agus pobail ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Fuair beagnach 1,600 grúpa maoiniú faoin gclár go nuige seo, rud a chabhraigh le go leor cúiseanna fónta i measc na bpobal ar fud MBÁC. Ag searmanas na ngradam i mbliana bronnadh an phríomhdhuais €5,000 ar na cúig eagraíochtaí seo a leanas; Iontaobhas Carthanais Laura Brennan, Club Dornálaíochta Bhaile Dúill, Aoisghníomhaíocht Éireann, Clár Frithbhulaíochta Sticks and Stones agus Nurture. Bunaíodh na gradaim seo chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don obair iontach atá ar bun ar bhonn laethúil ag grúpaí áitiúla laistigh de ghréasán Bus Átha Cliath. Is é Niall Quinn, an tIar-Pheileadóir Idirnáisiúnta, pátrún an tionscnaimh ó cuireadh tús leis in 2003.

Is é an Comórtas Ealaíne agus Féilire do Leanaí bliantúil an dara gné den Tionscnamh Spiorad Pobail. Tá Comhordaitheoirí speisialta Scoile agus Pobail fostaithe ag Bus Átha Cliath, comhordaitheoirí a chothaíonn teagmháil le daoine óga i scoileanna náisiúnta agus i meánscoileanna ar fud Bhaile Átha Cliath. Roghnaíonn na comhordaitheoirí roinnt scoileanna náisiúnta gach aon bhliain trasna gréasáin bhealaí na cuideachta chun bheith rannpháirteach sa chomórtas agus tugann siad cuireadh do leanaí pictiúr nó dán ar théama na mbusanna a chur isteach. Ba é ‘It takes me here, it takes me there’ an téama i mbliana. Cuirtear luach an iompair phoiblí i measc pobal áitiúil chun cinn do phaisinéirí níos óige sa chomórtas, agus spreagann sé feasacht faoi thionchar diúltach na loitiméireachta ar bhusanna don phobal áitiúil é féin. Ghlac 24 scoil náisiúnta ó na ceantair seo a leanas rannpháirt sa chomórtas i mbliana: Baile Gadaí, Baile Formaid, Baile Munna, Gort an tSrutháin, Cluain Dolcáin, an Chúlóg, an Chorr Dhubh, Cromghlinn, Darndál, Fionnghlas, Ráth Miontáin, Cnoc na Fuiseoige, Leamhcán, Mullach Eadrad, Rualach agus Tamhlacht. I ndiaidh sraith de chraobhchomórtais réigiúnacha a reáchtáil, foilsíodh rogha de shaothar na nduaisbhuaiteoirí i bhFéilire Ealaín na Leanaí 2015, féilire a seoladh chuig na scoileanna rannpháirteacha, fostaithe Bus Átha Cliath agus ionadaithe tofa i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Le cois shaothar na nduaisbhuaiteoirí a fhoilsiú i bhféilire, ar an 8 Nollaig reáchtáil Bus Átha Cliath taispeántas de roinnt de na saothair dhuaisbhuaiteacha sa leabharlann ar Shráid an Phiarsaigh i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath mar chuid den ócáid a eagraíodh chun féilire 2014 a sheoladh.

Ba í 2014 an 9ú bliain a reáchtáladh Bus Átha Cliath/ Comórtas Cic Pionóis Niall Quinn. I mbliana reáchtáladh trí imeacht idir mhí na Bealtaine agus mhí Iúil, imeachtaí a raibh leanaí ó Scoil Naomh Ultan, Baile Formaid; Tionscadal Samhraidh Foróige, Baile an Tirialaigh agus Scoil Naomh Uinseann, Glas Naíon páirteach iontu. Díreach mar a tharla sna blianta roimhe sin, tugadh deis do leanaí idir 8-14 bliana d’aois ó cheantair áitiúla oiliúint a fháil agus páirt a ghlacadh i gcómórtas cic pionóis le Niall Quinn. Cuireadh tús le himeacht nua i mbliana, dúshlán scoile CLG i gcomhar le hiar-bhainisteoir Bhaile Átha Cliath, Paul Caffrey. Gach bliain roghnaítear ceantair nua leis an imeacht a reáchtáil iontu, imeacht a eagraítear i gcomhar le Grúpaí Óige áitiúla agus an Garda Síochána. Is éard is aidhm leis an tionscadal aitheantas a thabhairt don saothar a bhíonn ar bun ag grúpaí deonacha agus An Garda Síochána chun tacú le daoine óga le linn mhíonna an tsamhraidh agus chun luach an iompair phoiblí sna pobail áitiúla a chur chun cinn i measc an aosa óig ar fud Bhaile Átha Cliath.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Bord Stiúrthóirí

### Stiúrthóirí ag an 25 Márta 2015

An tUasal U. Courtney *Chathaoirleach*

An tOllamh P. Barker

K. Barrington, Uasal

G. Joyce Uasal

An tUasal B. McCamley

An tUasal T. O'Connor

An Dr K. Rafter

## Príomhfheidhmeannach

An tUas. P. Doherty

## Rúnaí

An tUas. R. O'Farrell

## Oifig Chláraithe

59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Guthán: 353 1 872 0000

Facsamhail: 353 1 873 1195

Láithreán Gréasáin: www.dublinbus.ie

Uimhir Chláraithe: 119569

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Uimhir a hAon Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

# Tuairisc na Stiúrthóirí

**Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2014.**

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is í príomh-ghníomhaíocht na cuideachta seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus máguaird.

Mhéadaigh ioncaim iomlána chustaiméirí 5.8% go dtí €216 milliún in 2014 ó €204.1 milliún an bhliain roimhe sin. Ba ionann an t-éileamh a bhí ag paisinéirí ar an tseirbhís in 2014 agus méadú leanúnach i rith na bliana den chéad uair ó 2007. Thaistil 118.6 milliún custaiméir leis an gcuideachta, líon custaiméirí arb ionann é agus méadú 3.7% i gcomparáid le 2013.

Bhí an Glantoradh Oibriúcháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 cothrom le barrachas €11.569m i gcomparáid le barrachas de €0.481m in 2013, rud ba chúis le feabhas de €11.088m i gcomparáid le 2013. I measc na bpríomhchúiseanna a bhí leis an bhfeabhas seo bliain i ndiaidh bliana bhí méadú 1.5% ar ioncam ó éileamh paisinéirí, toradh 5% ó mhéadú ar tháillí agus glanlaghdú €4.3m ar chostais.

Is cúis dóchais é feidhmíocht fhoriomlán airgeadais 2014 mar aon le deimhniú go bhfuil an chuideachta ag dul sa treo ceart chun inmharthanacht airgeadais a chinntiú an athuair.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá eolas maidir leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 le fáil idir leathanach 24 agus 44. Is léir ó thorthaí 2014 barrachas de €11,569,000 (2013 – Barrachas €481,000) a bheith i gceist.

## Rioscaí Príomha

Tá an Chuideachta tiomanta do riosca a bhainistiú ar bhealach córasach agus smachtaithe. Aithnítear na heochair-rioscaí os comhair na cuideachta trí phróiseas bainistíochta ar fud na cuideachta. Coimeádtar clár rioscaí agus nuashonraítear ar bhonn ráithiúil é, agus áirítear leis pleananna gnímh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí aitheanta. Téann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bus Átha Cliath, i gconradh réamhcheannacháin breosla & airgeadra sa chás gur dóigh leis gur ann do riosca luacha agus riosca don chuideachta. Bunaíodh córas nua tosaíochta riosca i rith na bliana, córas a tharraingíonn aird an Bhoird ar na rioscaí aitheanta.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanadh ar aghaidh le hinfheistíocht sa fhlít le linn na bliana 2014, agus seachadadh os cionn 70 bus nua chun seirbhíse le teacht in ionad feithiclí ró-sheanda. Áiríodh le caiteachas nach beag eile cláir athchóirithe flít chun cáilíocht agus iontaofacht a chothabháil ar mhaith le leas na gcustaiméirí. Coinníodh ar infheistíocht i bhfeabhsú seirbhísí le cúnamh ó chistiú Údarás Iompair Náisiúnta sa réimse seo a leanas:

- Íocaíocht €25 milliún ar 70 bus nua
- €4.5 milliún ar athchóiriú agus ar threalamh do bhusanna
- €1.2 milliún ar fhorbairt leanúnach an Chórais Uathoibríoch Suímh agus Rialaithe Feithicle (AVLC), ticéadú agus Wi-Fi
- €0.6 milliún ar bhonneagar gréasáin

## Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

Is comhaltaí den Choiste Iniúchta, Airgedais & Riosca iad na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas den Bhord ar an 25 Márta 2015: Patricia Barker, Gary Joyce agus Kevin Rafter.

Is iad príomhdhualgais an Choiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca maoirseacht a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear cinntí maidir le ceapadh an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchta, agus aon cheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas, éirí as nó dífhostú. Pléann an Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca nádúr agus scóip chinntí agus thorthaí an iniúchta leis an iniúchóir seachtrach. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais ullmhaithe ag an gcuideachta.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014, lean an Coiste le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus córas bainistíochta riosca na Cuideachta. Leagadh béim ar leith ar na nithe seo a leanas:

- páirt a ghlacadh sa dioscúrsa a bhaineann le huasghrádú an Chórais Bhainistíochta Riosca agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an chórais;
- oibriú leis an iniúchóir inmheánach chun measúnú a dhéanamh ar an méid a bhfuilimid ag brath ar aschur agus ar thátail obair fhoireann an iniúchóra inmheánaigh;
- bualadh leis an Oifigeach Soláthair d'fhonn a chinntiú go bhfuilimid sásta le déine na mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le bainistíocht soláthair agus conarthaí;
- monatóireacht ar chur i bhfeidhm bheartas Thuairisciú Macánta na cuideachta;
- obair leis an iniúchóir seachtrach chun ceisteanna a chur ar mhaithe lena neamhspleáchas a chinntiú;
- obair leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an iniúchóir seachtrach d'fhonn a chinntiú gur féidir linn muinín a bheith againn as na breithiúnais chuntasaíochta a úsáideadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú;
- leagamar amach ár sceideal oibre bhliantúil ar mhaithe le cumhdach iomlán na dtascanna sonraithe dúinn faoinár dTéarmaí Tagartha a chinntiú;
- ghlacamar le tuairiscí rialta maidir le forbairt an Chórais Chomhtháite Ticéadaithe (ITS) agus d'oibríomar leis an bPríomhoifigeach Airgeadais ar na bearta atá á gcur i gcrích chun sláine na foinse ioncaim seo a chosaint.
- rinneamar athbhreithniú inmheánach ar ár bhfeidhmíocht i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

Tá Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca faofa ag an mBord agus déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus déantar iad a leasú nuair is cuí. Bhí 8 gcruinniú ag an gCoiste in 2014 (7 in 2013). Ceapadh na hIniúchóirí Seachtracha, PricewaterhouseCoopers, ar feadh tréimhse 3 bliana i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013. Dá réir sin, molann an Coiste Iniúchta & Airgeadais don Bhord go ndéanfaí iad a athcheapadh go foirmiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014. Ní raibh aon oibleagáidí conarthacha a chuir cosc ar an gCoiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca an moladh seo a dhéanamh.

Níor sholáthair na hiniúchóirí aon seirbhísí ábhartha eile i rith na bliana faoi athbhreithniú. Dá réir sin, i ndiaidh gach caidreamh idir an Chuideachta agus an gnólacht seachtrach iniúchta a mheas, ní dóigh leis an gCoiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca go lagaíonn na caidrimh sin breithiúnas nó neamhspleáchas an iniúchóra.

## Forbairt Fostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta chun a chinntiú go n-aithnítear agus go bhforbraítear na scileanna agus an t-eolas riachtanach ionad go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt a dhéanamh agus rannchur go dearfach le cúrsaí.

Úsáidtear creat inniúlachta chun na hiompraíochtaí, scileanna agus cumais atá riachtanach d'fheidhmiú rathúil róil éagsúla na bhfostaithe seirbhís ar ardchaighdeán agus ar chaighdeán riachtanach a sheachadadh a aithint.

Is é Ionad Oiliúna Bhus Átha Cliath a sholáthraíonn roinnt clár oiliúna chun a chinntiú go dtugtar an caighdeán oiliúna is airde do thiománaithe bus le cur ar a gcumas seirbhís bus ar sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa í a sheachadadh dár gcustaiméirí. Glacann na tiománaithe bus ar fad páirt i lá oiliúna amháin gach bliain ionas go mbronnfar Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) orthu i ndáil le Treoir 2003/59/EC an AE agus faomhadh a fháil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. In 2014 bronnadh gradam Eagraíocht Oilúna CPC na Bliana ar Bus Átha Cliath ag gradaim Cheannródaithe Sábháilteachta ar Bhóithre an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Seachadadh clár forbartha inniúlachta i scileanna tiomána do gach tiománaí i dteannta leis an CPC. Baintear leas as córas oiliúna físeáin (ar a dtugtar Vigil Vanguard) sa chlár sin chun éascú don fhoghlaim mhachnamhach agus athrú iompair. Thug Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aitheantas don chlár oiliúna as a chur chuige nuálaíoch d'oiliúint i scileanna tiománaí.

Leanadh ar aghaidh le clár forbartha bainistíochta sa bhliain 2014 le roinnt bainisteoirí agus oifigeach riaracháin ag dul i mbun staidéar tríú leibhéal. Sholáthair muid clár forbartha oiliúna agus forbartha mar aon le clár meantóireachta feidhmiúcháin d'fheidhmeannaigh agus do bhainisteoirí nuacheaptha d'fhonn tacú leo a róil nua a chur i gcrích. Leanadh le hoiliúint ról-sonrach eile a sholáthar d'fhostaithe innealtóireachta, maoirseachta agus riaracháin.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Chuideachta lántiomanta forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; agus gach Rialachán náisiúnta agus eile de chuid an AE a chomhlíonadh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbhreithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuireann an Straitéis Chomhionannais agus Éagsúlacht ar chumas Bhus Átha Cliath chun:

- Timpeallacht oibre níos éifeachtúla agus níos sásúla a sholáthar d'fhostaithe;
- Freastal ar riachtanais athraitheacha chustaiméirí;
- Nasc níos fearr a chruthú leis an bpobal a bhfuiltear ag freastal air.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheachadadh seirbhíse den scoth dá chustaiméirí go léir agus do chruthú láthair oibre ar cothrom cuimsitheach í mar a mbíonn urraim do dhaoine aonair agus mar ar féidir le daoine feabhas a ghnóthú ina gcuid saothair.

D'fhorbair an chuideachta plean gnímh do phrionsabail an chomhionannais agus na cuimsitheachta, rud a léiríonn éagsúlacht a lucht saothair. Roghnaíodh Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta na cuideachta lena háireamh in Achomaireacht an Choimisiúin Eorpaigh den Dea-Chleachtas san Éagsúlacht.

Tá Bus Átha Cliath ag leanúint ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás Comhionannais, an Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha (GLEN), Comhairle um Inimircigh na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar roinnt tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le comhionannas agus le héagsúlacht. In 2014 d'oibrigh Bus Átha Cliath i gcomhpháirt le Comhairle um Inimircigh na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus soláthróirí iompair phoiblí eile ar an bhfeachtas Stop Racism – Transport Links-Racism Divides. Mar chuid den chlár forbraíodh sraith straitéisí frithchiníochais dar teideal 'Towards an Inclusive Public Transport Service in Ireland', agus cuireadh oiliúint frithchiníochais ar ár n-urbhainisteoirí.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath a fhreagracht as comhlíonadh a chinntiú, ar gach bealach ábhartha, le forálacha Rialachán CE (Íoc Déanach) 2012. Is é beartas íocaíochta na cuideachta comhlíonadh le ceangaltais an Rialacháin.

## Leabhair Chuntais

Cinntíonn na bearta curtha i gcrích ag na stiúrthóirí go bhfuil oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choimeád á comhlíonadh, go bhfuil córais agus nósanna imeachta oiriúnacha á n-úsáid, agus go bhfuil daoine inniúla á bhfostú. Tá FRS 102 éifeachtach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015. Beidh gá le hathráiteas na méideanna comparáideacha i ráitis airgeadais 2015, ullmhaithe de réir FRS 102. Tá an fhoireann bainistíochta ag obair le grúpa CIÉ agus le PwC chun an tionchar a bheidh ag glacadh le FRS 102 a mheas agus tá plean gníomhaíochta oiriúnach á chur i bhfeidhm.

Is ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 a choinnítear na leabhair chuntais.

## Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Tá sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gcuideachta i ndiaidh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a fhoilsiú sonraithe i nGrúpchuntais Córas Iompair Éireann. Sonraítear sa chód na híoschaighdeáin agus déanann an Bord tréaniarracht a chinntiú go bhfuil dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach á chomhlíonadh aige agus é i mbun gnó.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 nó a ceapadh ó shin i leith sonraithe anseo thíos. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura dtugtar a mhalairt le fios.

An tUasal U. Courtney *Chathaoirleach*
*(Ceaptha ar an 3 Meán Fómhair 2014)*

An tOllamh P. Baker

K. Barrington, Uasal

G. Joyce Uasal

An tUasal B. McCamley

An tUasal K. Bonner *(Ar scor 28 Meitheamh 2014)*

M. Mc Gennis Uasal *(Ar scor ón 7 Márta 2014)*

An tUasal T. O'Connor

An Dr K. Rafter

Ní raibh aon leas ag ceachtar de na stiúrthóirí ná an rúnaí in aon scair ná binitiúr de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí ag am ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a ndeachthas isteach iontu i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i dtaca le gnó an Ghrúpa.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Anseo thíos tá liosta sonraí maidir le tinreamh stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste a reáchtáladh i rith 2014.

| Stiúrthóir | An Bord | Coiste Sábháilteachta | Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca |
|---|---|---|---|
| An tUasal U. Courtney | 3/3 | | |
| An tUasal K. Bonner | 6/6 | | |
| An tOllamh P. Barker | 10/10 | | 8/8 |
| K. Barrington, Uasal | 10/10 | 4/4 | |
| G. Joyce Uasal | 9/10 | | 8/8 |
| An tUasal B. McCamley | 9/10 | 4/4 | |
| M. Mc Gennis, Uasal | 1/2 | 1/1 | |
| An tUasal T. O'Connor | 8/10 | | |
| An Dr K. Rafter | 9/10 | 2/4 | 8/8 |

Bunaíodh Coiste Boird Luacha Saothair & Comharbais in Eanáir 2015. Is iad an tUasal U. Courtney, G. Joyce, Uasal agus an Dr. K. Rafter comhaltaí an Choiste.

## Gnóthas Leantach

Tá stiúrthóirí an bhoird sásta ainneoin gur ann do roinnt neamhchinnteachtaí, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta le leanúint i mbun gnó go ceann i bhfad. Chuige sin, roghnaíonn siad bonn an ghnóthais leantaigh agus na cuntais á n-ullmhú. Tugtar aghaidh ar na héiginnteachtaí úd i Nóta 1 "Gnóthas Leantach", agus is ann a dhéantar achoimre ar chonclúidí na stiúrthóirí i ndáil le gnóthas leantach.

## Iniúchóirí

Thug na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, le fios go bhfuil siad toilteanach fanacht in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal U. Courtney** *Chathaoirleach*
**An tOllamh P. Barker** *Stiúrthóir*

25 Márta 2015

# Bord Stiúrthóirí



**Ultan Courtney** *Chathaoirleach*

Ceapadh an tUasal Ultan Courtney ar Bhord CIÉ agus mar Chathaoirleach ar Bus Átha Cliath i Meán Fómhair 2014. Tá neart taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidreamh Tionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht ar Ultan agus tá roinnt cáilíochtaí aige sna réimsí seo a leanas - dlí fostaíochta, idirghabháil, eadráin agus rialachas dlí.



**Patricia Barker**

Tá Patricia Barker ina hollamh le cuntasaíocht ach í ar scor anois. Tá sí ina Cuntasóir Cairte agus ina Comhalta de Chomhairle Chuntasóirí Cairte in Éirinn. Bhí an PhD a rinne sí bunaithe ar fhaisnéis airgeadais a nochtadh d'fhostaithe agus bhronn Coláiste na Tríonóide MPhil i Staidéar Inscní uirthi. Tá Patricia ag feidhmiú mar stiúrthóir ar Veritas Publications Ltd, Ospidéal Thamhlachta agus Foras na Mara. Roimhe seo bhí sí ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar BTSB agus déanann sí obair dheonach leis an Ionad Éigeandála um Éigniú.



**Kathleen Barrington**

Ceapadh Kathleen Barrington ar an mbord ar an 9 Meán Fómhair 2013. Is sainchomhairleoir cumarsáide í Kathleen a bhfuil spéis ar leith acu i mbainistíocht clú, gnóthaí poiblí, caidreamh leis na meáin agus Béarla simplí. Roimhe seo bhí Kathleen ina comhairleoir don rialtas faoi na meáin agus ina hiriseoir airgeadais a bhuaigh duaiseanna agus tá spéis ar leith aici i saincheisteanna tomhaltóirí agus infheisteoirí. Ba chomhalta de Phainéal Sainchomhairleoireachta Tomhaltóirí an Rialtóra Airgeadais í Kathleen idir 2007-2010.



**Gary Joyce**

Tá Gary Joyce ag obair mar Chomhpháirtí Bainistíochta ar Genesis, gnólacht comhairliúcháin a bhfuil sainspéis aige i straitéis custaiméirí agus branda. Roimhe seo bhí sí ag feidhmiú mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. I láthair na huaire tá sí ag feidhmiú mar Leaschathaoirleach ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus tá sí ar bhord Sam McCauley Chemists agus Féile Ealaíne na Gaillimhe.



**Bill McCamley**

Ceapadh Bill Mc Camley ar an mBord den chéad uair i mí na Nollag 1997 faoi Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre {Fiontair Stáit}, 1977. Ba sa bhliain 1974 a thosaigh Bill ag obair le Bus Átha Cliath agus is tiománaí bus é atá lonnaithe i stáisiún Bhaile Phib. Bhí roinnt post éagsúil ina cheardchumann, SIPTU, aige lena n-áirítear ballraíocht de na coistí Réigiúnacha, Rannacha agus Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Bhí sé ina ionadaí a sheas ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus {1996}. Tá mórchuid scríofa aige faoi cheisteanna iompair agus cúrsaí ceardchumann, lena n-áirítear leabhar ar stair oibrithe tramanna Bhaile Átha Cliath.



**Marian Mc Gennis**

Bhí Marian Mc Gennis ina Teachta Dála do Bhaile Átha Cliath Láir agus is iarbhall í de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall. Agus í ina ball den Oireachtas bhí sí ina hurlabhraí den fhreasúra ar chomhionannas agus ina bhall den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach. Tá baint aici le heagraíochtaí deonacha le beagnach 30 bliain. Tá Marian ina céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus tá céim san Eolaíocht Shóisialta aici i Socheolaíocht agus Beartas Sóisialta. Chuaigh Marian ar scor ar an 7 Márta 2014.



### Kevin Bonner

Ceapadh Kevin Bonner mar Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Bhíodh Kevin ina Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar agus Fostaíochta agus tá sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí nó cuideachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach anois m.sh. Foras na Mara, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, Waterford Stanley. Is céimí de chuid na Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BA) agus Coláiste na Tríonóide (MScEcon) é. Chuaigh Kevin ar scor ar an 28 Meitheamh 2014.



### Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas ina chomhalta Boird i mí na Nollag 2013 i ndiaidh dó a bheith tofa mar chomhalta de Bhord CIÉ faoi Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Oibríonn Thomas mar thiománaí bus atá bunaithe i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de Cheardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid [National Bus and Rail Union], tá sé ina bhall den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'oibrigh sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. D'oibrigh sé roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaíochta.



### Kevin Rafter

Ceapadh an Dr Kevin Rafter ina chomhalta boird in Eanáir 2013. Tá Kevin ag obair mar shainchomhairleoir cumarsáide, agus mar léachtóir ollscoile. Is údar/eagarthóir 10 leabhar faoi na meáin agus polaitíocht in Éirinn é agus tá an taighde atá curtha i gcrích aige foilsithe in irisí acadúla idirnáisiúnta piarmheasúnaithe. Chaith sé seal ag obair mar iriseoir polaitiúil agus bhí poist shinsearacha eagarthóireachta aige i roinnt eagraíochtaí in earnáil na meán, the Irish Times agus RTÉ ina measc. Ó 2008 anonn tá a ghnó sainchomhairleoireachta féin aige agus tá sé ag obair mar Léachtóir Sinsearach agus mar Leas-Déan Taighde in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is comhalta boird de Oxfam Ireland é i láthair na huaire.

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann. Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na Cuideachta gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, thogh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus i ndlí na hÉireann).

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis cloí leis na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar, le beachtas réasúnach, am ar bith, staid airgeadais na Cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus go bhfuil ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, á gcomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí de Bus Átha Cliath – Dublin Bus

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bus Átha Cliath - Dublin Bus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, ráitis ina n-áirítear na Príomhbheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid, agus na nótaí a bhaineann leis na ráitis airgeadais. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag teacht le dlí na hÉireann agus na cleachtais chuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go coitianta in Éirinn).

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí Faoi Seach

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 21, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid, ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Cuideachta, agus cé acu ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go himleor réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh ag na Stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon eolas ar cosúil é a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhunús na faisnéise a fuaireamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta, nó nach dtagann go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

In ár dtuairim, sna ráitis airgeadais:

- tugtar léargas fíor agus cothrom de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Coitianta in Éirinn ar staid ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a bharrachas agus sreafaí airgid don bhliain dar críoch; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

## Nithe a Éilítear orainn a Thuairisciú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a dtugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.
- Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá sonraithe sa Chlár Comhardaithe, cothrom le níos mó ná leath den scairchaipiteal glaoite agus, de réir ár dtuairime, ar an mbonn sin, ní raibh staid airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2014 a d'éileodh faoi Alt 40 (1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983 cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól. Reáchtáladh an cruinniú sin ar an 16 Meitheamh 2010.

## Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de réir Eisceachta

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil le forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh na nochtuithe faoi luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe le dlí.

**Teresa Harrington**
**ar son agus thar ceann PricewaterhouseCoopers**
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Reachtúil Iniúchóireachta*

Baile Átha Cliath

1 Aibreán 2015

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go coitianta in Éirinn agus reacht Éireannach ina gcuimsítear Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go coitianta in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom agus a bhfuil na caighdeáin atá á bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais á gcomhlíonadh acu.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

### (I) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas ar bhonn costais stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta ar bhonn céatadáin laghdaithigh a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil.

### (II) Stadanna agus Scáthláin Bhus

Déantar stadanna agus scáthláin bus a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta.

### (III) Trealamh agus Innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas – Léasanna Oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraítear siad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spárála ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe. Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais

### (I) Deontais an Aontais Eorpaigh agus Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil ar thionscadail ar leith a chreidiúnú le hioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i leith caiteachais ioncaim a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte agus scaoiltear chuig an gcuntas caiteachais iomchuí iad sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (II) Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (F) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí euro ag an ráta i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha sa chás go bhfuil na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Tá Bus Átha Cliath páirteach i scéim le sochar sainithe mar chuid de Ghrúpa CIÉ. Tá cuntas déanta den scéim seo de réir FRS 17 i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin sochair sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochair sainithe ar bhonn achtúire ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta.

Léirítear barrachas dliteanas scéime ar shócmhainní scéime mar dhliteanas ar chlár comhardaithe Ghrúpa CIÉ. Áirítear sa mhuirear pinsean sochair shainithe a áirítear i mbrabús oibriúcháin Ghrúpa CIÉ costas seirbhísí reatha agus costais seirbhísí a cuireadh ar fáil roimhe seo. Léirítear barrachas an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime ar chostas úis dhliteanais na scéime i gcuntas brabúis agus caillteanais Ghrúpa CIÉ mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ó athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó thaithí ar bharrachais agus ar easnaimh i ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána Ghrúpa CIÉ sa bhliain ina dtugtar a leithéid faoi deara.

Níl ar chumas Bus Átha Cliath a chion de na sócmhainní agus dliteanais bhunúsacha i scéim Ghrúpa CIÉ a aithint ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach. De réir FRS 17, coimeádann Bus Átha Cliath cuntas ar na ranníocaíochtaí chuig scéim Ghrúpa CIÉ amhail is dá mba scéim sochair shainithe a bhí ann. Áirítear i muirear an phlean pinsin le ranníocaíocht shainithe a áirítear i mbrabús oibriúcháin an ranníocaíocht iníoctha chuig an scéim don bhliain.

## (H) Iarmhéideanna Idir Cuideachtaí

Déantar luach a chur ar idirbhearta idir cuideachtaí Grúpa ag costas stairiúil agus déantar iad a rangú bunaithe ar na socruithe cuí idir na páirtithe faoi seach agus ar shubstaint an idirbhirt mar seo a leanas:

### (I) Sócmhainn Airgeadais Fhadtéarmach

Is ionann é agus comhiomlán:

a. Sreabhadh airgid ginte ó oibríochtaí suas le dhá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.

b. Infheistíocht ghlan i sócmhainní seasta ó dháta an chorpraithe go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

### (II) Cuntas Trádála Gearrthéarmach

Is ionann é agus comhiomlán:

a. Glan-bharrachas ginte/easnamh tabhaithe sa dá bhliain go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

b. Méadú/laghdú sa chaipiteal oibre sa dá bhliain go dtí dáta an chláir chomhardaithe.

### (III) Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é agus comhiomlán na n-insreafaí agus na n-eis-sreafaí airgid ó:

a. Gníomhaíochtaí airgeadais idirghrúpa.

b. Seirbhísiú airgeadais.

## (I) Cánachas

Ríomhtar cáin chorparáideach ar bhrabúis nó caillteanais incháinithe don bhliain mar atá coigeartaithe do ghrúp-fhaoiseamh. Aistrítear caillteanais chánach úsáidte do ghrúp-fhaoiseamh idir comhaltaí grúpa. Is bunaithe ar an gcás i gceist a chinntear táillí do ghrúp-fhaoiseamh.

Luaitear cáin iarchurtha le gach difríocht uainiúcháin ar ann di ach nach bhfuil aisiompaithe ag dáta an Chláir Chomhardaithe, sa chás go n-eascraíonn oibleagáid níos mó cánach a íoc amach anseo nó ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo as idirbhearta nó imeachtaí ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Is ionann difríochtaí uainiúcháin agus difríochtaí sealadacha idir brabúis agus caillteanais ríofa chun críocha cánach agus sonraithe sna ráitis airgeadais a eascraíonn mar nach ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta difriúla chun críocha cánach.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a meastar a bheidh i gceist sna blianta a bhfuiltear ag súil go n-aisiompófar na difríochtaí uainiúcháin bunaithe ar rátaí agus ar dhlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Ní dhéantar cáin iarchurtha a lascainiú.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach amháin sa chás gur dócha nach mbeidh dóthain brabús incháinithe ann amach anseo chun na caillteanais chánach tugtha anonn a úsáid.

Ní raibh cáin chorparáide iníoctha i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 de bhrí go raibh caillteanais chánach neamhúsáidte tugtha anonn ag an gcuideachta.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig | Nótaí | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | **216,001** | 204,128 |
| Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | *3* | **60,039** | 64,540 |
| **Ioncam Iomlán** | | **276,040** | 268,668 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *4* | **(167,058)** | (173,411) |
| Ábhair agus Seirbhísí | *5* | **(88,266)** | (86,232) |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | | **20,716** | 9,025 |
| Dímheas | *6* | **(9,585)** | (9,591) |
| Gnóthachain/(Costais) eisceachtúla oibriúcháin | *7* | **(295)** | 29 |
| **Barrachas roimh Ús agus Cáin** | | **10,836** | (537) |
| Gnóthachan ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe | | **646** | 785 |
| Ús Infhála | *8* | **87** | 233 |
| **Barrachas don bhliain** | | **11,569** | 481 |
| **(Easnamh) carnach ag Tús na Tréimhse** | | **(51,675)** | (52,156) |
| **(Easnamh) carnach ag Deireadh na Tréimhse** | | **(40,106)** | (51,675) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh gnóthachain ná caillteanais aitheanta seachas a bhfuil san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais. De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach atá oiriúnach do nádúr ghnó na cuideachta.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal U. Courtney** *Cathaoirleach*
**An tOllamh P. Barker** *Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe

| Ag an 31 Nollaig | Nótaí | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *9* | **146,166** | 139,917 |
| Sócmhainní airgeadais | *11A* | **138,302** | 98,308 |
| | | **284,468** | 238,225 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *10* | **4,041** | 3,279 |
| Féichiúnaithe | *11* | **37,144** | 20,646 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | **151** | – |
| | | **41,336** | 23,925 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *12* | **(84,792)** | (70,840) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(43,456)** | (46,915) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **241,012** | 191,310 |
| Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir | *14* | **(74,260)** | (72,547) |
| Ioncam Iarchurtha | *15* | **(120,596)** | (84,089) |
| Dliteanas airgeadais fadtéarmach | *11A* | **(16,426)** | (16,513) |
| | | **29,730** | 18,161 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | **69,836** | 69,836 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | **(40,106)** | (51,675) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *17* | **29,730** | 18,161 |

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal U. Courtney** *Cathaoirleach*
**An tOllamh P. Barker** *Stiúrthóir*

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

| An bhliain dar críoch 31ú Nollaig | Nótaí | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *18 (A)* | **14,961** | (28,930) |
| Seirbhísiú airgeadais | *18 (B)* | **87** | 233 |
| Caiteachas caipitil | *18 (B)* | **(74,021)** | (12,980) |
| Comaoin ar dhiúscairt sócmhainní | *18 (B)* | **646** | 708 |
| Na deontais chaipitil faighte | *18 (B)* | **61,249** | 37,369 |
| Caipiteal Fadtéarmach | *18 (B)* | **(87)** | (265) |
| Féichiúnaí cuideachta sealbhaíochta | *11 (A)* | **16,791** | 11,791 |
| **Insreabhadh airgid roimh mhaoiniú** | | **19,626** | 7,926 |
| Bainistíocht acmhainní leachtacha | *11 (A)* | **(16,791)** | (11,791) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana** | | **2,835** | (3,865) |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite ag an gCuideachta Shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghineadh agus nach bhfuil ag teastáil láithreach le haghaidh oibríochtaí, agus atá curtha ar fáil don Chuideachta Shealbhaíochta, agus atá inaisíoctha mar is gá.

## Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i bhfiachas glan

| | | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| Méadú/(laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana | | **2,835** | (3,865) |
| Insreabhadh airgid ó iarmhéid na Cuideachta Sealbhaíochta | *18 (C)* | **–** | – |
| **Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain** | | **2,835** | (3,865) |
| Fiach glan ag 1 Eanáir | *18 (C)* | **(2,684)** | 1,181 |
| **Glan(rótharraingt)/airgead tirim Bainc ag 31 Nollaig** | **18 (C)** | **151** | (2,684) |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Gnóthas Leantach – Neamhchinnteacht Ábhartha

Tá cóip de nochtadh an Ghnóthais Leantaigh san áireamh i Nóta 1 de ráitis airgeadais CIÉ:

### Cúlra

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa faoi athmhaoiniú agus faoi mhéadú na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa. Tá saoráidí tiomanta de €160milliún urraithe go dtí mí Iúil 2018.

Áirítear i measc na saoráidí seo roinnt cúnant airgeadais, ar éirigh le Grúpa CIÉ iad ar fad a chomhlíonadh in 2014. Bunaithe ar an mbuiséad atá sonraithe do 2015, creideann an fhoireann bainistíochta go leanfaidh Grúpa CIÉ leis na spriocanna cúnaint atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mí, ar a laghdú, ón dáta ar síníodh na ráitis airgeadais seo a chomhlíonadh.

Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar fheidhmíocht trádála i rith 2014, beidh ar Ghrúpa CIÉ dul i ngleic le timpeallacht dhúshlánach gnó a bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí a bheidh le sárú ag an nGrúpa ag eascairt uaithi. Thug an Grúpa aird ar na neamhchinnteachtaí seo le linn dó acmhainn an Ghrúpa leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a mheas.

### Nádúr na Neamhchinnteachtaí a mbeidh ar an nGrúpa Déileáil Leo

Ainneoin na foirne bainistíochta a bheith dóchasach go leanfar leis na spriocanna foriomlána maidir le cúnaint airgeadais a chomhlíonadh sa bhliain amach romhainn, tá feidhmíocht thodhchaíoch an Ghrúpa bunaithe ar roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha a éileoidh monatóireacht agus maoirseacht leanúnach na foirne bainistíochta. Glactar leis i ndréachtphlean gnó 5 bliana an Ghrúpa go dtabhóidh an Grúpa easnamh in 2015 agus go mbeidh an tráth a fhillfidh an grúpa ar bhrabúsacht ag brath ar na neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa faoi láthair a réiteach.

Is féidir na príomh-neamhchinnteachtaí a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí an Ghrúpa a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. **Ioncam** – Braitheann cur i gcrích na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i ndréachtphleananna gnó 5 bliana an Ghrúpa ar mheascán de thoimhdí a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla agus méaduithe ar líon turas paisinéirí. Braitheann acmhainn an Ghrúpa na méaduithe ar tháillí atá luaite sna pleananna a chur i gcrích ar na cinntí a dhéanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) maidir le táillí agus braitheann méaduithe ar an líon turas paisinéirí ar théarnamh geilleagrach inbhuanaithe.

2. **Costais Oibriúcháin** – Baineann fíorthábhacht leis na costais oibriúcháin atá sonraithe i bpleananna gnó an Ghrúpa a choimeád ag leibhéil chuí. Tá na toimhdí a úsáideadh agus an plean gnó á ullmhú suibiachtúil de réir a nádúir agus is den tábhacht é go ndéantar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht plean gach fochuideachta, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaithe, atá aitheanta ag an bhfoireann bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm.

3. **Costais Infheistíochta** – Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach i gcomhthéacs chothabháil, athnuachan agus fheabhas an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá éifeachtach, iontaofa agus sábháilte. Dúshlán leanúnach don fhoireann bainistíochta é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á maoiniú go cuí ionas nach mbeidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa ag baint an bhoinn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

   Tá pleananna an Ghrúpa do 2015 ag brath ar thacaíocht maoinithe i bhfoirm caiteachas caipitil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh infheistíocht maoinithe ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin. Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghrúpa ar leibhéal cuí de mhaoiniú rialtais a bheith ann chun na seirbhísí iompair phoiblí a theastaíonn faoi chonarthaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí an Rialtais a mhaoiniú.

Tá inbhuanaitheacht airgeadais Iarnród Éireann (comh-fhochuideachta i nGrúpa CIÉ) íogair do neamhchinnteacht áirithe a bhaineann le hinfheistíocht mhaoinithe thodhchaíoch. I rith 2014, thug Iarnród Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi phróiseas chun réitigh fhéideartha ar riachtanais airgeadais na cuideachta iarnróid a athbhreithniú agus a mheas. Ceadaíodh an meastachán forlíontach i mí na Nollag 2014, meastachán atá mar bhonn leis an acmhainn riachtanais infheistíochta Iarnród Éireann a mhaoiniú ó shreabhadh airgid in 2015.

Dúshlán suntasach do gach páirtí leasmhar é riachtanais infheistíochta a mhaoiniú go fadtéarmach. Sa chás go mbíonn gannchion sna leibhéil mhaoinithe, beidh riosca ann nach nginfidh an Grúpa dóthain torthaí chun a chobhsaíocht airgeadais a chosaint i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh an caipiteal oibre srianta agus beidh gá le monatóireacht leanúnach. Beidh gá le gníomhaíochtaí maolúcháin chun a chinntiú nach mbeidh na spriocanna foriomlána maidir le cúnaint airgeadais, spriocanna a bhfuil an Grúpa tiomanta dóibh, á sárú agus go ngintear sreabhadh airgid oiriúnach i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

4. **Pinsin** – Tá easnamh luaite le scéimeanna pinsin an Ghrúpa mar atá sonraithe i Nóta 19 leis na ráitis airgeadais. Áirítear na scéimeanna seo i ráitis chomhdhlúite airgeadais CIÉ agus ní ag leibhéal oibríochta na cuideachta aonair mar a mhínítear i Nóta 19. Tá méadú suntasach tagtha ar staid ghlandliteanas na scéimeanna pinsin i rith na bliana. D'eascair na méaduithe seo as na rátaí íseal úis atá le sonrú in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta. Ta tús curtha ag CIÉ le hathbhreithniú ar scéimeanna pinsin an Ghrúpa agus é mar aidhm bearta a aithint le déileáil le staid airgeadais na scéimeanna i bhfianaise an leibhéil easnaimh. Tá sé beartaithe luachálacha tríbhliantúla a dhéanamh ar na scéimeanna in 2015.

## Gníomhaíochtaí na Foirne Bainistíochta

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích agus le cur i gcrích ag foireann bainistíochta an Ghrúpa agus na Cuideachta, lena n-áirítear:

- Monatóireacht dhian ag an mbainistíocht ar staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an ghrúpa.
- Plé le NTA agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr maoinithe chuí/Glan-éifeacht Airgeadais do Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Leanúint le tionscnaimh shábhála costais a chur i bhfeidhm agus dianmhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí nua ginte ioncaim a lorg
- Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna pinsin chun bearta a aithint chun déileáil le staid airgeadais chistí pinsin an Ghrúpa

## Litir Thacaíochta

Is ionann an litir thacaíochta dar dáta an 31 Márta 2015 agus fianaise ar thacaíocht leanúnach na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Sonraítear sa litir: "Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i mbun idirphlé leis an gcuideachta faoi na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Bíodh is go sonraítear sa litir nach bhféadfaí glacadh le rud ar bith sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí nó dliteanais CIÉ, sonraítear an méid seo a leanas freisin: "Is é beartas an Rialtais go fóill go bhfuil ar chumas ghnólacht CIÉ freastal ar a dhliteanais i gcónaí. Is é an Stát an t-aon scairshealbhóir atá ag CIÉ agus tuigeann CIÉ go leanfaidh an Stát lena chearta scairshealbhóra a fheidhmiú agus é mar aidhm a chinntiú go mbainistíonn CIÉ a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Ní mór, áfach, go mbeadh dlí AE á chomhlíonadh ag aon ghníomhaíocht a bheidh le háireamh ag an Stát, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le Státchabhair a bhféadfadh fógra agus faomhadh ón gCoimisiún a bheith ag teastáil ina leith".

### Conclúid

I ndiaidh fiosrúcháin chuí a dhéanamh, agus na neamhchinnteachtaí thuasluaite a mheas, tá ionchas réasúnach ag Comhaltaí an Bhoird go mbeidh Grúpa CIÉ in ann a spriocanna buiséid agus plean 5 bliana mar aon lena spriocanna cúnaint a chomhlíonadh, agus go mbeidh a saoráidí reatha baincéireachta dóthanach chun riachtanais leanúnacha shreabhadh airgid an ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar síníodh na ráitis airgeadais seo. Chomh maith leis sin, tá ionchas réasúnach ag an mBord go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Chuige seo, chinn na Comhaltaí Boird nach ionann na rioscaí thuasluaite agus neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Tá ionchas réasúnach ag na stiúrthóirí, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag grúpa CIÉ agus, dá réir sin, ag an gcuideachta le leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí, ar a laghad, ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo, agus a mheas go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 2 Net (Deficit)/Surplus by Activity

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
| **Ioncam** | **201,414** | 192,026 | **14,587** | 12,102 |
| **Costais** | **(255,336)** | (258,732) | **(9,135)** | (9,455) |
| **(Easnamh)/barrachas oibriúcháin** | **(53,922)** | (66,706) | **5,452** | 2,647 |
| Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | **60,039** | 64,540 | **–** | – |
| Maoiniú Éigeandála Breise ón Rialtas | **–** | – | **–** | – |
| **Glan (easnamh)/barrachas** | **6,117** | (2,166) | **5,452** | 2,647 |

## 3 Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Bhí an íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha le Bus Átha Cliath – trína chuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, cothrom le €60,039,000 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 (2013 – €64,540,000).

## 4 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| **Costais Foirne** | | |
| Pá agus tuarastail | **141,658** | 147,241 |
| Costais leasa sóisialaigh | **14,004** | 14,761 |
| Costais phinsin eile | **11,221** | 11,303 |
| Obair féin caipitlithe | **–** | (92) |
| **Iomlán na gcostas foirne** | **166,883** | 173,213 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| **Luach saothair** | | |
| – seirbhísí mar stiúrthóirí | **58** | 78 |
| – i leith seirbhísí eile | **117** | 120 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na stiúrthóirí** | **175** | 198 |
| **Iomlán na gcostas párolla agus na gcostas gaolmhar** | **167,058** | 173,411 |

Ba é €184,905 tuarastal an Príomhfheidhmeannaigh, Paddy Doherty, in 2014, suim a bhí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do Phríomhfheidhmeannaigh. Ba iad seo a leanas na díolaíochtaí breise in 2014: Carr Cuideachta a úsáid €15,005, Ranníocaíochtaí Pinsean Fostóirí €43,443 agus ÁSPC Fostóirí €4,683. Tá an tUas Ó Dochartaigh ina bhall de Scéim Pinsean Ranníocach CIÉ 1951.

Is mar seo a leanas a bhí díolaíochtaí na Stiúrthóirí don bhliain 2014:

An tUasal U. Courtney €2,554, an tUasal K. Bonner €12,600, K. Barrington, Uasal €10,710, an tOllamh P. Barker €10,710, G. Joyce, Uasal €10,710, M. Mc Gennis, Uasal €4,283 agus an Dr K. Rafter €10,710.

Ní bhfuair an tUasal B McCamley agus an tUasal T O'Connor Táillí Stiúrthóra ar bith ón gcuideachta.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Bhí an meánlíon fostaithe i rith na bliana cothrom le: | **3,176** | 3,172 |

## 5 Ábhair agus Seirbhísí

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Breosla agus bealaí | **32,494** | 34,139 |
| Ábhair | **17,790** | 17,610 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **696** | 618 |
| Cíos agus Rátaí | **810** | 840 |
| Léaschíosanna oibriúcháin | **525** | 606 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóirí | **8,535** | 6,432 |
| Seirbhísí eile | **27,774** | 26,126 |
| Deontais ioncaim *(nóta 15)* | **(358)** | (139) |
| | **88,266** | 86,232 |

B'ionann na speansais iomlána a íocadh i leith stiúrthóirí in 2014 agus nialas.

## 6 Dímheas

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 9)* | **27,566** | 25,675 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil an AE/Státchiste *(nóta 15)* | **(17,981)** | (16,084) |
| | **9,585** | 9,591 |

## 7 Costais Oibriúcháin Eisceachtúla

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **295** | (29) |

## 8 Ús (Infhála)/Iníoctha

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gCuideachta Shealbhaíochta | **(92)** | (238) |
| Íocaíochtaí/(fáltais) úis eile | **5** | 5 |
| | **(87)** | (233) |

## 9 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Stadanna agus Scáthláin Bhus €000 | Trealamh agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Ag an 1 Eanáir 2014** | 300,122 | 28,226 | 56,253 | **384,601** |
| Breiseanna | 30,471 | 474 | 3,082 | **34,027** |
| Diúscairtí | (15,032) | – | (2,086) | **(17,118)** |
| **Ag an 31 Nollaig 2014** | **315,561** | **28,700** | **57,249** | **401,510** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2014 | (194,686) | (10,419) | (39,579) | **(244,684)** |
| Muirear don bhliain | (20,775) | (1,976) | (4,815) | **(27,566)** |
| Diúscairtí | 14,820 | – | 2,086 | **16,906** |
| **Ag an 31 Nollaig 2014** | **(200,641)** | **(12,395)** | **(42,308)** | **(255,344)** |
| **Glanmhéideanna Leabhair** | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2013 | 105,436 | 17,807 | 16,674 | 139,917 |
| **Ag an 31 Nollaig 2014** | **114,920** | **16,305** | **14,941** | **146,166** |

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta ionchais de na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7-12 |
| Stadanna agus scáthláin bhus | 3-15 |
| Trealamh agus innealra | 3-10 |

(b) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a raibh costas €52,888,000 (2013 – €44,310,000) luaite leo a dhímheas go hiomlán ach tá siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá luach €19k de bhreiseanna i gceist i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, idir sócmhainní atá á dtógáil agus sócmhainní nach bhfuil i seirbhís fós (2013 – náid).

(d) Níl an réadmhaoin in úsáid faoi úinéireacht na cuideachta, is le Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ an réadmhaoin seo agus áirítear é sna ráitis airgeadais.

## 10 Stoic

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **2,525** | 1,680 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | **1,516** | 1,599 |
| | **4,041** | 3,279 |

## 11 Féichiúnaithe

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Trádála | **8,786** | 8,108 |
| Méideanna dlite ar chuideachta sealbhaíochta *(nóta 11a)* | **–** | 6,493 |
| Deontais AE/Státchiste infhaighte | **–** | 4,508 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **28,358** | 1,537 |
| | **37,144** | 20,646 |

### (A) Athrangú ar Fhéichiúnaithe na Cuideachta Sealbhaíochta

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| **Athrangaithe mar:** | | |
| **Méideanna dlite ón gCuideachta Sealbhaíochta** | **105,079** | 88,288 |
| Sócmhainn Airgeadais Fhadtéarmach | **138,302** | 98,308 |
| Cuntas trádála Gearrthéarmach | **(16,797)** | 6,493 |
| Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach | **(16,426)** | (16,513) |
| | **105,079** | 88,288 |

## 12 Creidiúnaithe

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt bhainc | – | (2,684) |
| Creidiúnaithe trádála | **(5,307)** | (4,972) |
| Cáin ioncaim/tobhach asbhainte faoi ÍMAT | **(2,887)** | (3,191) |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **(1,875)** | (1,894) |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **(394)** | (2,458) |
| Creidiúnaithe eile | **(1,188)** | (3,106) |
| Méideanna dlite ar Chuideachta Sealbhaíochta *(nóta 11a)* | **(16,797)** | – |
| Ioncam iarchurtha | **(12,260)** | (11,245) |
| Fabhruithe | **(15,233)** | (13,623) |
| Scaoilíocaíochtaí deonacha | **(1,666)** | (2,528) |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóirí *(nóta 14)* | **(8,000)** | (8,000) |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 15)* | **(19,185)** | (17,139) |
| | **(84,792)** | (70,840) |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach áirithe anseo thuas | **(5,156)** | (7,543) |

## 13 Oibleagáidí Léasa

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| **Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Téann tiomantais faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe iníoctha in éag mar seo a leanas sa bhliain amach romhainn: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **101** | 97 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **97** | 62 |
| | **198** | 159 |

## 14 Soláthar do Dhliteanais agus do Mhuirir

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóirí** | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | **80,547** | 82,181 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(5,787)** | (7,615) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **7,500** | 5,981 |
| **Iarmhéid tugtha anonn ag an 31 Nollaig** | **82,260** | 80,547 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 12)* | **8,000** | 8,000 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **74,260** | 72,547 |
| | **82,260** | 80,547 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a mhuirearú chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna forálacha do dhliteanais agus do mhuirir.

Tá forálacha tugtha anonn ó bhlianta roimh ré aistrithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúite bunaithe ar an stair éileamh is déanaí.

### (A) Cumhdach Árachais Seachtrach

Seo a leanas an cumhdach seachtrach atá ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas Tríú Páirtí sa bhreis ar €2,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair bóthair amháin, ach amháin i ndáil le héilimh atá faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe, nuair atá an barrachas cothrom le US$3,300,000.

(ii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa sa bhreis ar €2,000,000.

(v) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán ag gach aon ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2014 go Márta 2015, i ndáil le dliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar mhéid féin-árachaithe mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann – Irish Rail | €11,000,000 |
| Bus Átha Cliath | €15,000,000 |
| Bus Éireann – Irish Bus | €11,000,000 |

faoi réir coinneáil féin árachaithe Grúpa foriomlán de €27,000,000 sa chomhiomlán bliantúil tar éis a bheidh aon choinneáil féin árachaithe aonair sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000;

(iv) Grúpárachas Dliteanais Chó-nasctha nach n-áiríonn dliteanas Sceimhlitheoireachta, agus tá an tslánaíocht fhoriomlán don tréimhse 12 mhí, Aibreán 2014 go Márta 2015, cothrom le €200,000,000, do Dhliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile d'iompar iarnróid agus bóthair.

(v) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán agus ina dhiaidh sin beidh aon fharasbarr aonair féin-árachaithe sa tréimhse bliana sin cothrom le €100,000.

(vi) Tá an cumhdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa cothrom le €200,000,000 agus tá barrachas de €10,000,000 luaite le gach caillteanas ach amháin rothstoc iarnróid agus bóthair atá ar iompair agus tá barrachas de €500,000 luaite le gach caillteanas in Éirinn/Tuaisceart Éireann agus barrachas de €250,000 luaite le gach caillteanas sa Ríocht Aontaithe (ach amháin Tuaisceart Éireann).

### (B) Forálacha agus Aisghabhálacha Gaolmhara Éileamh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra

Déantar foráil ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas tabhaithe atá gan réiteach ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh tabhaithe nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éileamh a bhainistiú ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena gcuid nochtaithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

I gcostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhcinnteachtaí a d’fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d’fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

I gcostas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á mheas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d’éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d’éilimh chomhlána ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d’fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

## 15 Ioncam Iarchurtha

Léiríonn an cuntas seo deontais AE/Státchiste a dtugtar cuntas orthu de réir bheartas cuntasaíochta E.

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | **101,228** | 85,390 |
| Infhaighte agus infhála | **56,892** | 32,061 |
| **Aistriú go cuntas brabúis agus caillteanais** | | |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 6)* | **(17,981)** | (16,084) |
| Deontas ioncaim *(nóta 5)* | **(358)** | (139) |
| **Iarmhéid tugtha anonn ag an 31 Nollaig** | **139,781** | 101,228 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 12)* | **19,185** | 17,139 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **120,596** | 84,089 |
| | **139,781** | 101,228 |

### (A) Nochtadh de réir Chiorclán na Roinne Airgeadais tagairt 17/2010

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Feithiclí agus Gléasra | **56,740** | 32,123 |
| Réadmhaoin | **–** | – |
| Breiseanna sócmhainne na bliana roimhe sin íoctha | **4,509** | 9,755 |
| Breiseanna sócmhainne na bliana roimhe sin atá gan íoc | **–** | (4,509) |
| **Iomlán Íoctha** | **61,249** | 37,369 |
| **Deontais Ioncaim** | | |
| Deontais Ioncaim ar an gCuntas Brabúis & Caillteanais | **220** | 139 |
| Bliain roimhe | **–** | – |
| An bhliain reatha gan íoc | **–** | (95) |
| **Iomlán Íoctha** | **220** | 44 |
| **Iomlán na n-Íocaíochtaí** | **61,469** | 37,413 |

Déantar méid agus téarma na nDeontas Caipitil a amúchadh thar shaolta úsáideacha na sócmhainní. Cuirtear Deontais Ioncaim leis an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha ina bhfuarthas iad. Is iad an ghníomhaireacht ábhartha agus an clár ábhartha ná an NTA agus an Clár Cistithe Caipitil 2014. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

## 16 Scairchaipiteal

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 1ú Eanáir | **126,974** | 126,974 |
| Méadú i Scaireanna Údaraithe | **–** | – |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 31ú Nollaig | **126,974** | 126,974 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha:** | | |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 1ú Eanáir | **69,836** | 69,836 |
| Méadú i Scaireanna Eisithe | **–** | – |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 31ú Nollaig | **69,836** | 69,836 |

## 17 Imréiteach Gluaiseachta i gCistí Scairshealbhóirí Cothromais

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | **18,161** | 17,680 |
| Barrachas don bhliain | **11,569** | 481 |
| Gnáthscaireanna eisithe | **–** | – |
| Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig | **29,730** | **18,161** |

## 18 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

### (A) Réiteach easnamh oibriúcháin sreafaí airgeadais oibriúcháin

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh oibriúcháin roimh ús agus íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí | **(48,557)** | (64,292) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí *(nóta 3)* | **60,039** | 64,540 |
| | **11,482** | 248 |
| Dímheas *(nóta 6)* | **27,566** | 25,675 |
| Amúchadh *(nóta 6)* | **(17,981)** | (16,084) |
| Gnóthachan ar Shócmhainní diúscartha | **(646)** | (785) |
| Laghdú/(méadú) i Stoic | **(762)** | 190 |
| (Méadú) i bhFéichiúnaithe | **(21,009)** | (7,420) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhorálacha | **16,311** | (30,754) |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **14,961** | (28,930) |

### (B) Anailís ar shreabhadh airgid do ghlan-teidil sa ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| **Seirbhísiú airgeadais** | | |
| Ús faighte | **92** | 238 |
| Ús eile (íocaíochtaí) | **(5)** | (5) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **87** | 233 |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach Sócmhainní Inláimhsithe | **(34,027)** | (35,338) |
| (Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Airgeadais | **(39,994)** | 22,358 |
| Caipiteal Fadtéarmach | **(87)** | (265) |
| Fáltais ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe | **646** | 708 |
| Deontais Chaipitil an AE/Státchiste | **61,249** | 37,369 |
| **Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó chaiteachas caipitil** | **(12,213)** | 24,832 |

### (C) Anailís ar Ghlanfhiachas

| | Amhail an 1ú Ean 2014 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31 Noll 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead ar Láimh agus sa Bhanc | – | 151 | 151 |
| Rótharraingt | (2,684) | 2,684 | – |
| | **(2,684)** | **2,835** | **151** |

## 19 Pinsin

Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bus Átha Cliath. Tá dhá scéim le sochar sainithe á tairiscint ag Grúpa Córas Iompair Éireann atá ag freastal ar fhormhór na bhfostaithe, scéimeanna atá á maoiniú trí ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Níl sé indéanta scaireanna na mball aonair de shócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach, mar fiú dá mbeadh sé indéanta baill neamhghníomhacha a leithdháileadh ar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deiridh fostaíochta, d'fhéadfadh tréimhsí a bheith caite ag baill ag obair do bhreis is fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Rinneadh cuntas ar ranníocaíochtaí na scéimeanna seo amhail is dá mba rud é go raibh scéim le sochar sainithe ceadaithe faoi Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirítear sna luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna d'fhorálacha FRS 17, ag an 31 Nollaig 2014, go raibh easnamh €701.8 milliún, (2013: €417.8 milliún) luaite leis na scéimeanna.

Bhí an costas pinsin don bhliain luaite leis na scéimeanna le sochar sainithe cothrom le €11.2 milliún. Tá na costais sin san áireamh freisin i nóta 4.

## 20 Ceangaltais Chaipitil

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Ar conradh le haghaidh | **20,792** | 10,308 |
| Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan a bheith conartha do | **–** | 28,579 |
| | **20,792** | 38,887 |

## 21 Dliteanais Theagmhasacha

### Dlíthíocht ar Feitheamh

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, mar thoradh ar nasc leis na nithe sin mar fharasbarr ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

### Ráthaíochtaí

Ag dáta an chláir chomhardaithe tá iasachtaí ar fiú €66,515,000 iad ag Grúpa CIÉ. Tá na hiasachtaí seo trasráthaithe ag Bus Átha Cliath agus ag na fochuideachtaí eile i nGrúpa CIÉ.

## 22 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann. Ar an 1 Nollaig 2009, chuaigh Bus Átha Cliath agus an NTA i mbun conradh dír-dhámhachtana faoi fhorálacha an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, chun seirbhísí sonraithe oibleagáide seirbhíse poiblí a chur ar fáil. Shínigh Bus Átha Cliath conradh Direct Award ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2014.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis atá á rialú ag Rialtas na hÉireann, lena n-áirítear na Comhairlí Cathrach agus Contae éagsúla, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus BSL. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis arna héileamh faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Nochtadh Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 23 Comhaltacht Ghrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Córas Iompair Éireann (CIÉ – Group) é Bus Átha Cliath – Dublin Bus agus tá léargas le fáil sna ráitis airgeadais ar éifeachtaí ballraíocht an Ghrúpa. Bíonn roinnt feidhmeanna ar fud an ghrúpa, amhail an Cisteán, Dlí, Maoin agus Pinsin á ndéanamh ag an gCuideachta Shealbhaíochta ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ le fáil ón Rúnaí Cuideachta ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, Éire.

## 24 Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 25 Márta 2015.



Bus Átha Cliath